An Roinn Gnó,
Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Business,
Enterprise and Innovation

# Tuarascáil faoin Acht chun Onnmhairí a Rialú, 2008

Lena gCuimsítear an Tréimhse
ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017

# Réamhrá ón Aire

Tá áthas orm an séú tuarascáil maidir le feidhmiú an Achta chun Onnmhairí a Rialú, 2008, lena gcuimsítear an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2017, a chur i láthair.

Leanann Éire beartais saorthrádála agus beartais margaidh oscailte, agus ag an am céanna cloíonn sí le prionsabail bhunúsacha maidir le neamhiomadú, cobhsaíocht réigiúnach agus meas ar chearta an duine. Is iad na prionsabail sin is bonn leis na rialuithe onnmhairithe agus na smachtbhannaí trádála atá á riar ag mo Roinn.

De réir an dlí idirnáisiúnta, chloígh Éire leis na caighdeáin is airde ó thaobh rialú onnmhairí agus smachtbhannaí trádála de. Cuirim fáilte roimh an dea-chomhar leanúnach atá ann fós idir cuideachtaí onnmhairiúcháin agus an tAonad Ceadúnúcháin Trádála agus Rialaithe. Ina theannta sin, spreagann mo Roinn cuideachtaí chun nósanna imeachta éifeachtacha inmheánacha maidir le comhlíonadh a choinneáil ar bun freisin lena chinntiú gur féidir leo a gcion féin a dhéanamh i leith an dualgais atá orainn araon an chobhsaíocht agus an meas ar chearta an duine a chur chun cinn.

Sa tuarascáil seo, dírítear ar an ngníomhaíocht cheadúnúcháin sa bhliain 2017 agus ar an dul chun cinn ó thaobh na reachtaíochta. Tugtar sonraí inti freisin faoi líon na n-iarratas a rinneadh ar cheadúnais agus faoi luach agus cheann scríbe na n-onnmhairí ceadúnaithe. Leagtar amach sa tuarascáil freisin na smachtbhannaí trádála AE éagsúla a tugadh isteach nó a tugadh cothrom le dáta i rith 2017.

Tá rún daingean agam an trédhearcacht a chur chun cinn i bhfeidhmiú chóras na hÉireann um rialú onnmhairí. Chuige sin, foilsíonn an Roinn seo sonraí achoimre faoi onnmhairiú táirgí rialaithe ar láithreán gréasáin na Roinne gach sé mhí, mar aon leis na tuarascálacha bliantúla maidir le feidhmiú chóras na hÉireann um rialú onnmhairí.

Heather Humphreys, T.D.

An tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

# Clár na nÁbhar


1. Réamhrá .......... 5
2. Athruithe ar Reachtaíocht na hEorpa agus na hÉireann .......... 5
3. Smachtbhannaí Trádála a tugadh isteach in 2017 .......... 7
4. Athbhreithniú Beartais i dtaobh Rialú Onnmhairí .......... 8
5. Ceadúnais Onnmhairiúcháin agus Treochtaí Staitistiúla .......... 10
6 Cásanna Diúltaithe .......... 14
7. Forfheidhmiú agus Imscrúduithe .......... 16

Iarscríbhinn I – Rialacháin na hÉireann i leith Smachtbhannaí AE .......... 17

Iarscríbhinn II – Staitisticí na bliana 2017 maidir le Ceadúnais Onnmhairiúcháin .......... 33

Iarscríbhinn III – Achoimre ar Chóid an Liosta Mhíleata .......... 44

Iarscríbhinn IV – Achoimre ar Chatagóirí Dé-Úsáide .......... 46

Iarscríbhinn V – Córais Iltaobhacha Neamhiomadaithe .......... 47

Iarscríbhinn VI – Bearta Sriantacha AE .......... 52

# 1. Réamhrá

Ceanglaítear leis an Acht chun Onnmhairí a Rialú, 2008 go ndéanfaidh an tAire tuarascáil maidir le feidhmiú cúrsaí a thagann faoin Acht sa bhliain roimhe a ullmhú agus a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis dheireadh gach bliana.

Baineann an tuarascáil seo le gníomhaíocht cheadúnaithe thar an tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2017. Soláthraítear faisnéis fhorlíontach, lena n-áirítear staitisticí mionsonraithe ar na ceadúnais a eisíodh, sna hIarscríbhinní. Tá faisnéis chúlra maidir le córais iltaobhacha neamhiomadaithe, a bhfuil baint acu le córas rialaithe onnmhairithe na hÉireann agus a riarachán, leagtha amach in Iarscríbhinn V.

Tá tuarascálacha roimhe seo faoi fheidhmiú chóras na hÉireann um rialú onnmhairí ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne[1].

# 2. Athruithe ar Reachtaíocht na hEorpa agus na hÉireann

## Nuashonrú ar an Rialachán Dé-Úsáide

Is é an príomhphíosa reachtaíochta lena rialaítear onnmhairiú ítimí dé-úsáide ón Aontas Eorpach ná Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 (an "Rialachán Dé-Úsáide")[2]. Cuimsítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide an liosta de na hítimí dé-úsáide atá faoi réir rialú agus a dteastaíonn údarú uathu lena n-onnmhairiú lasmuigh den Aontas Eorpach.  Leasaítear Iarscríbhinn I gach bliain chun athruithe a chur san áireamh atá déanta ag na príomhchórais iltaobhacha um rialú

[1] Féach <https://dbei.gov.ie/ga/Foilseachain/>.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras.

onnmhairithe (Iarscríbhinn V) ar na liostaí ítimí rialaithe. Cuirtear na hathruithe sin chun feidhme trí bhíthin gníomhartha tarmligthe ag an gCoimisiún Eorpach.

Ar an 26 Meán Fómhair 2017, tháinig Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2268 ón gCoimisiún [3]lena leasaítear an Rialachán Dé-Úsáide i bhfeidhm.Leis an Rialachán sin, cuireadh roinnt nithe leis na nótaí agus leis na sainmhínithe a úsáidtear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide, agus scriosadh roinnt nithe as na nótaí agus as na sainmhínithe agus rinneadh roinnt leasuithe orthu. Rinneadh amhlaidh d'fhonn liosta ítimí rialaithe AE a nuashonrú chun cinntí a rinneadh i gcórais um rialú onnmhairí sa bhliain 2016 a léiriú.

## Aistrithe Laistigh den Aontas Eorpach ar Tháirgí a bhaineann le Cosaint agus Nuashonruithe ar an Liosta Comhchoiteann Míleata

Le Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009[4], bunaítear córas ceadúnúcháin le haghaidh táirgí a bhaineann le cosaint a aistriú laistigh den Aontas Eorpach. Is é cuspóir na Treorach sin ná simpliú a dhéanamh ar na rialacha agus ar na nósanna imeachta is infheidhme maidir le haistrithe den sórt sin laistigh den Chomhphobal d'fhonn feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.  Tá Iarscríbhinn ag ghabháil le Treoir 2009/43/CE ina leagtar amach na táirgí a bhaineann le cosaint atá faoi réir rialú ("Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh").[5]

Déantar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh a leasú agus a nuashonrú go tréimhsiúil chun sainmhínithe agus sonraíochtaí teicniúla i leith táirgí a bhaineann le cosaint atá faoi réir rialú a thabhairt cothrom le dáta agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.  Nuair a dhéantar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh a nuashonrú, ní mór Treoir

---

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2268 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras.

[4] Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal.

[5] Is le hIonstraim Reachtúil ("I.R.") Uimh. 346 de 2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal), 2011, a thugtar éifeacht don Treoir sin i ndlí na hÉireann.

2009/43/CE a leasú agus a nuashonrú ar an gcaoi chéanna.[6] Rinneadh Treoir 2009/43/CE a leasú agus a nuashonrú faoi dhó in 2017 le Treoir (AE) 2017/433 ón gCoimisiún an 7 Márta 2017, agus le Treoir (AE) 2017/2054 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2017.[7] I ngach cás, cuireadh ionstraimí reachtúla chun feidhme lenar tugadh éifeacht don nuashonrú agus leasú ar Threoir 2009/43/CE.[8]

## 3. Smachtbhannaí Trádála a tugadh isteach in 2017

Is éard is bearta sriantacha AE (féach Iarscríbhinn VI) ann ná ionstraimí a úsáideann an tAontas Eorpach chun athrú a dhéanamh ar bheartais nó gníomhaíochtaí tíortha eile, amhail dul i ngleic le sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta nó ar chearta an duine, nó dul i ngleic le beartais nach n-urramaíonn riail an dlí ná prionsabail dhaonlathacha. Baintear leas as smachtbhannaí, as measc na n-ionstraimí polaitiúla éagsúla atá ar fáil, chun luachanna agus cuspóirí de chuid an Aontais a chur chun cinn.

Thug an tAontas Eorpach roinnt smachtbhannaí nua isteach le linn na bliana 2017 mar fhreagairt d'ábhair imní idirnáisiúnta, amhail ábhair imní faoi choinbhleacht réigiúnach agus faoi chearta an duine. Ba í an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta[9] an t-údarás inniúil i

---

[6] Sonraítear i dTreoir 2009/43/CE, in Airteagal 37, gur cheart liosta na dtáirgí a bhaineann le cosaint a leagtar amach san Iarscríbhinn a nuashonrú i gcomhréir iomlán le Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh.

[7] Glacadh le Treoir (AE) 2017/433 ón gCoimisiún an 7 Márta 2017 tar éis don Chomhairle leagan nuashonraithe de Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh a ghlacadh an 14 Márta 2016. Glacadh le Treoir (AE) 2017/2054 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2017 tar éis don Chomhairle leagan nuashonraithe de Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh a ghlacadh an 6 Márta 2017.

[8] Le I.R. Uimh. 268/2017 "Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal) (Leasú), 2017", dar dáta an 15 Meitheamh 2017, cuireadh chun feidhme Treoir (AE) 2017/433 ón gCoimisiún agus tugadh éifeacht di. Le I.R. Uimh. 39/2018 "Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal) (Leasú), 2018", dar dáta an 15 Feabhra 2018, cuireadh chun feidhme Treoir (AE) 2017/2054 ón gCoimisiún agus tugadh éifeacht di.

[9] Ón 1 Meán Fómhair 2017, i gcomhréir leis an Ordú Gnóthaí Oibreachais agus Dlí Oibreachais (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2017 (I.R. Uimh. 361 de 2017), is í an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta an t-údarás inniúil maidir le smachtbhannaí trádála a riar. Ba í an

ndáil leis na gnéithe trádála de smachtbhannaí AE a bhain, mar shampla, leis an trádáil leis an Iaráin, leis an tSiria agus le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré. Is iad an Roinn Airgeadais agus an Banc Ceannais atá freagrach as smachtbhannaí airgeadais an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme. Bhí an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Airgeadais freagrach go comhpháirteach as Rialacháin a dhréachtú chun foráil a dhéanamh maidir le pionóis sa dlí náisiúnta mar gheall ar sháruithe ar smachtbhannaí AE. Rinneadh naoi Rialachán nua is tríocha sa bhliain 2017 agus tá sonraí faoi na Rialacháin sin leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an tuarascáil seo.

D’eisigh an Roinn 122 gceadúnas, dar luach iomlán €70m, sa bhliain 2017 faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle[10], lena bhforchuirtear ceanglas ceadúnúcháin maidir le trealamh agus teicneolaíocht áirithe a bhaineann le fuinneamh a dhíol leis an Rúis, a sholáthar di nó a onnmhairiú chuici. Eisíodh formhór na gceadúnas i leith táirgí mianadóireachta lena n-úsáid i mianaigh mianraí crua (mianaigh ghuail agus mianaigh mianta miotail). Tá an trealamh agus an teicneolaíocht atá faoi réir rialú liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle.

## 4. Athbhreithniú Beartais i dtaobh Rialú Onnmhairí

Mar atá leagtha amach i dtuarascálacha roimhe seo, tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún Eorpach le blianta beaga anuas ar chóras rialaithe an Aontais Eorpaigh i dtaobh earraí dé-úsáide. Ba iad seo a leanas na torthaí a bhí ar an bpróiseas athbhreithnithe sin:

- Foilsíodh Páipéar Uaine maidir le rialuithe onnmhairí dé-úsáide sa bhliain 2011.[11]
- Foilsíodh Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir leis an mbeartas ar rialú onnmhairí sa bhliain 2014.[12]
- Cuireadh Fóram Tionscail ar siúl sa bhliain 2014 freisin.[13]

---

Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an t-údarás inniúil roimh an dáta sin. Féach <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/si/361/made/en/pdf>.

[10] Rialachán (CE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha de bhun bhearta na Rúise chun an staid san Úcráin a dhíchobhsú

[11] Féach <http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2011/june/tradoc_148020.pdf>.
[12] Féach <http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2014/april/tradoc_152446.pdf>.

- Cuireadh próiseas comhairliúcháin phoiblí ar bun ar foilsíodh tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach mar thoradh air in 2015.[14]
- Togra ón gCoimisiún Eorpach, a foilsíodh an 28 Meán Fómhair 2016, chun an Rialachán Dé-Úsáide a athchóiriú, a nuashonrú agus a nuachóiriú.[15]

Le linn 2017, rinne an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa breithniú ar an togra ón gCoimisiún Eorpach. Is iadsan a cheadóidh aon athchóiriú a dhéanfar ar an Rialachán Dé-Úsáide.

Ba ar leibhéal meithle a rinne an Chomhairle breithniú ar an togra ón gCoimisiún Eorpach, áit a ndearna an Roinn ionadaíocht ar son na hÉireann ag an Meitheal Oibre um Earraí Dé-Úsáide. I bParlaimint na hEorpa, chuir an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta i gcrích a athbhreithniú ar thogra an Choimisiúin Eorpaigh an 3 Samhain 2017.[16]

Níor chuir an Chomhairle ná Parlaimint na hEorpa a bpróiseas athbhreithnithe i gcrích faoi dheireadh 2017. Bhí sé beartaithe ag an Meitheal Oibre um Earraí Dé-Úsáide leanúint ar aghaidh in 2018 leis an athbhreithniú ar an togra ón gCoimisiún Eorpach. Bhí an tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, lenar áiríodh moltaí chun an togra ón gCoimisiún Eorpach a leasú, ar an sceideal lena meas i seisiún iomlánach de Pharlaimint na hEorpa go luath in 2018.

---

[13] Féach <http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2014/october/tradoc_152858.pdf.>
[14] Féach <http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2015/november/tradoc_154003.pdf>.
[15] Féach <http://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar:1b8f930e-8648-11e6-b076-01aa75ed71a1.0013.02/DOC_1&format=pdf>.
[16] Féach <http://www.europarl.europa.eu/sides/getDoc.do?type=REPORT&reference=A8-2017-0390&language=GA>.

# 5. Ceadúnais Onnmhairiúcháin agus Treochtaí Staitistiúla

## Ceadúnais Dé-Úsáide Aonair

Eisíodh 447 gceadúnas dé-úsáide aonair in 2017, sin méadú 9% ar líon na gceadúnas a eisíodh in 2016.

Bhí luachanna na n-onnmhairí ar cheadúnais aonair a eisíodh sa bhliain 2017 10% ní b'ísle ná a luachanna sa bhliain 2016, sé sin laghdú ó €394.6 milliún go €357.1 milliún.[17] Tháinig méadú 5% ar luach na n-ítimí i gCatagóir 5[18] den Rialachán Dé-Úsáide (trealamh agus comhpháirteanna teileachumarsáide agus trealamh agus comhpháirteanna slándála faisnéise) ó €194.9 milliún go €204.8 milliún, agus tháinig laghdú 14% ar luach na n-ítimí i gCatagóir 3 (leictreonaic) ó €169.3 milliún go €145.3 milliún mar aon le laghdú ar luach na n-ítimí i gCatagóir 2 (trealamh um próiseáil ábhar) ó €25.3 milliún go dtí níos lú ná €1 mhilliún.

## Ceadúnais Dhomhanda Dé-Úsáide

Is mó an tsolúbthacht a thugtar d'onnmhaireoirí le ceadúnais dhomhanda onnmhairiúcháin dé-úsáide ná mar a thugtar le ceadúnais onnmhairiúcháin aonair. Is féidir iad a úsáid chun onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta atá liostaithe ar an gceadúnas chuig na tíortha is cinn scríbe atá liostaithe ar an gceadúnas a chumhdach. Eisítear ceadúnais dhomhanda onnmhairiúcháin dé-úsáide chuig cuideachtaí ag a mbíonn líon an-ard onnmhairí lena mbaineann riosca réasúnta íseal.

Eisítear ceadúnais dhomhanda onnmhairiúcháin dé-úsáide faoi réir roinnt coinníollacha dochta, amhail toirmeasc ar a n-úsáid le haghaidh onnmhairí chuig úsáideoirí deiridh is lucht

---

[17] Féach Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil seo.
[18] Féach Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an tuarascáil seo i gcomhair liosta de na catagóirí rialaithe maidir le hítimí dé-úsáide sa Rialachán Dé-Úsáide.

míleata, póilíní nó fórsaí slándála Stáit. Ní mór do shealbhóirí ceadúnais dhomhanda iarratas ar cheadúnas dé-úsáide aonair a chur isteach sa chás ina bhfuil sé ar intinn acu ítimí a onnmhairiú chuig an gcatagóir úsáideoir deiridh sin.

Bhí 23 cheadúnas dhomhanda dé-úsáide in úsáid sa bhliain 2017 i gcomparáid le 22 cheadúnas dá leithéid in 2016. B'ionann agus €2,856.1 milliún luach na n-onnmhairí iarbhír a tuairiscíodh faoi cheadúnais dhomhanda dé-úsáide sa bhliain 2017, i gcomparáid le €2,825.6 milliún sa bhliain 2016. B'ionann é sin agus méadú 1%.[19]

## Ceadúnais Mhíleata

Cuimsíonn rialuithe ceadúnúcháin d'ítimí míleata earraí míleata, teicneolaíocht mhíleata agus comhpháirteanna d'ítimí den sórt sin. Bhain na ceadúnais a eisíodh i leith earraí míleata in 2017 le comhpháirteanna ag a bhfuil rátálacha míleata, airm thine spóirt agus fiaigh, agus míreanna rialaithe do chuideachtaí a mbíonn baint acu le gníomhaíocht mhianadóireachta. Ina theannta sin, toisc gur réasúnta beag atá an grúpa onnmhaireoirí earraí míleata agus teicneolaíochta míleata in Éirinn, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil baol ann go bhféadfadh athrú ar na riachtanais cheadúnais atá ag onnmhaireoir amháin nó dhó tionchar suntasach a imirt ar na staitisticí.

Tháinig laghdú 8% ar líon na gceadúnas míleata a eisíodh, ó 128 gceadúnas in 2016 go 118 gceadúnas in 2017. Tháinig laghdú 60% ar luach na n-onnmhairí ar cheadúnais a eisíodh, ó €62.8m in 2016 go €24.9m in 2017.

## Ceadúnais Bhróicéireachta

Éilítear ceadúnas bróicéireachta i gcás ina bhfuil duine nó eintiteas ag idirbheartú nó ag eagrú idirbheart lena mbaineann aistriú ítimí atá liostaithe ar Liosta Comhchoiteann Míleata AE, nó i gcás duine nó eintitis a cheannaíonn nó a dhíolann ítimí atá liostaithe ar Liosta

[19] Féach Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Comhchoiteann Míleata AE nó a eagraíonn a n-aistriú, a bhfuil na hítimí sin faoina úinéireacht:

- Ó thír nach bhfuil san Aontas Eorpach go tír nach bhfuil san Aontas Eorpach.
- Ó Éirinn go tír nach bhfuil san Aontas Eorpach.
- Ó Bhallstát eile de chuid an Aontais go tír nach bhfuil san Aontas Eorpach.

Eisíodh dhá cheadúnas maidir le bróicéireacht ítimí míleata in 2017.

Éilítear ceadúnas le haghaidh bróicéireacht a dhéanamh ar ítimí dé-úsáide ó thríú tír amháin go tríú tír eile in imthosca áirithe, mar shampla i gcás ina n-úsáidfear na hearraí i dtaca le hairm cheimiceacha, bhitheolaíocha nó núicléacha. Ní bhfuarthas aon iarratais ar cheadúnais le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide le linn na bliana 2017.

## Comhiomlánú Sonraí agus Íogaireacht Tráchtála

Sa tuarascáil seo, féachtar leis an oiread trédhearcachta agus is féidir a chur ar fáil ar luach na gceadúnas, ar líon na gceadúnas, ar chinn scríbe agus ar chatagóirí táirge i ndáil le táirgí dé-úsáide agus táirgí míleata atá faoi réir an Achta chun Onnmhairí a Rialú, 2008.

Leagtar amach sa tábla thíos faisnéis achoimre ar líon agus ar luach na gceadúnas a dheonaigh an Roinn le linn na mblianta 2016 agus 2017. Tá faisnéis staitistiúil níos mionsonraithe leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil seo.

**Sonraí Achoimre**

| Cineál Ceadúnais | Líon na gCeadúnas de réir na Bliana | | Luach na gCeadúnas de réir na Bliana[20] €000 | |
|---|---|---|---|---|
| | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
| Ceadúnas Dé-Úsáide Aonair | 447 | 409 | 357,136 | 394,631 |
| Ceadúnas Dé-Úsáide Domhanda | 23 | 22 | 2,856,145 | 2,825,575 |
| Ceadúnas Míleata | 118 | 128 | 24,949 | 62,779 |
| IOMLÁN[21] | 588 | 559 | 3,238,230 | 3,282,985 |

[20] Is iad na luachanna a thuairiscítear i leith ceadúnais dé-úsáide aonair agus ceadúnais mhíleata ná an luach atá sonraithe sa cheadúnas ceadaithe agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé go ndéanfaí luach na n-onnmhairí iarbhír a lua thar ceart. Baineann na luachanna a thuairiscítear i leith ceadúnais dé-úsáide dhomhanda le honnmhairí iarbhír a tuairiscíodh le haghaidh 2016 agus 2017.

[21] Chomh maith leis na ceadúnais a ndéantar tuairisciú orthu sa Tábla seo, eisítear ceadúnais dhomhanda um aistriú míleata freisin de bhun Airteagal 6 de Threoir 2009/43/CE lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal. Ba lú é luach na gceadúnas sin ná €2 mhilliún i leith 2016 agus ba lú é ná €4 mhilliún in 2017.

# 6 Cásanna Diúltaithe

Is é is aidhm don phróiseas ceadúnúcháin onnmhairúcháin a chinntiú, a mhéid is féidir, go mbainfidh an t-úsáideoir deiridh a shonraítear leas as an ítim le haghaidh na húsáide deiridh atá sonraithe, agus nach n-úsáidfear í le haghaidh cuspóir neamhcheadaithe, e.g. lena húsáid i dtaobh airm ollscriosta. Éascaíonn na cosaintí a chuirtear san áireamh sa chóras ceadúnúcháin do sheiceálacha agus cros-seiceálacha láidre ina leith sin.

Féadfaidh an Roinn ceadúnas onnmhairiúcháin a dhiúltú, tar éis di dul i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus le húdaráis cheadúnúcháin onnmhairiúcháin eile, idir chinn idirnáisiúnta agus chinn AE, de réir mar is cuí, agus tar éis di aird a thabhairt ar na cúinsí a leagtar amach thíos.

Sa bhliain 2017, diúltaíodh do cheithre iarratas ar cheadúnas onnmhairiúcháin. Rinneadh an diúltú sin mar gheall ar chúinsí a bhain leis an úsáid deiridh a bhí ceaptha, an riosca atreoraithe agus smachtbhannaí AE.

## Cúinsí a Chuirtear san Áireamh agus Cinneadh á Dhéanamh i dtaobh Ceadúnas a Dheonú/a Dhiúltú

Na critéir a chuirtear san áireamh agus é á chinneadh cé acu a dheonófar nó a dhiúltófar ceadúnas dé-úsáide aonair nó ceadúnas dé-úsáide domhanda, leagtar amach iad in Airteagal 12 den Rialachán Dé-Úsáide. Ceanglaítear le hAirteagal 12 go dtabharfaidh Ballstáit aird ar gach cúinse ábhartha, lena n-áirítear:

a) Na dualgais agus na ceangaltais ar ghlac siad leo mar bhaill de na córais neamhiomadaithe agus na comhshocraíochtaí rialúcháin onnmhairí idirnáisiúnta ábhartha, nó trí dhaingniú na gconarthaí idirnáisiúnta ábhartha.
b) A gcuid dualgas faoi smachtbhannaí arna bhforchur ag comhsheasamh nó ag comhghníomh a ghlac an Chomhairle nó trí chinneadh a ghlac Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip nó trí rún ceangailteach ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

c) Cúinsí a bhaineann le beartas náisiúnta i leith cúrsaí eachtracha agus slándála, lena n-áirítear iad siúd a chumhdaítear le Comhsheasamh Uimh. 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha a rialaíonn rialúchán onnmhairí teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.

d) Cúinsí a bhaineann leis an úsáid deiridh atá ceaptha agus leis an mbaol go ndéanfar ítimí a atreorú.

Sa Chomhsheasamh dá dtagraítear i bpointe (c) thuas, leagtar amach na gnáthchritéir ar chóir iarratais ar earraí míleata a onnmhairiú a mheas ina n-aghaidh. Is iad seo a leanas na critéir sin:

<u>Critéar a hAon</u>: Meas ar dhualgais agus ar cheangaltais idirnáisiúnta na mBallstát, go háirithe na smachtbhannaí a ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó an tAontas Eorpach, comhaontuithe ar neamhiomadú agus ar ábhair eile, agus dualgais idirnáisiúnta eile freisin.

<u>Critéar a Dó</u>: Meas ar chearta an duine sa tír is ceann scríbe deiridh agus urramú an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta sa tír sin.

<u>Critéar a Trí</u>: An staid inmheánach sa tír is ceann scríbe deiridh, toisc teannas nó coinbhleacht airm a bheith inti.

<u>Critéar a Ceathair</u>: Síocháin, slándáil agus cobhsaíocht réigiúnach a chaomhnú.

<u>Critéar a Cúig</u>: Slándáil náisiúnta na mBallstát agus na gcríoch a bhfuil freagracht ar Bhallstát as a gcaidreamh seachtrach, chomh maith le slándáil náisiúnta tíortha atá cairdiúil agus comhghuaillithe leo.

<u>Critéar a Sé</u>: Iompar na tíre is ceannaitheoir maidir leis an bpobal idirnáisiúnta, go háirithe i ndáil lena dearcadh i leith sceimhlitheoireachta, le cineál a comhghuaillíochtaí agus le hurramú an dlí idirnáisiúnta.

<u>Critéar a Seacht</u>: An baol a bheith ann go ndéanfar an teicneolaíocht mhíleata nó an trealamh míleata a atreorú laistigh den tír is ceannaitheoir nó a ath-onnmhairiú faoi choinníollacha neamh-inmhianaithe.

<u>Critéar a hOcht</u>: Comhoiriúnacht na n-onnmhairí teicneolaíochta míleata nó an trealaimh mhíleata le cumas teicniúil agus eacnamaíoch na tíre is faighteoir, agus aird á tabhairt ar a inmhianaithe is atá sé gur chóir do stáit a gcuid riachtanas dlisteanach slándála agus chosanta a chomhlíonadh lena laghad atreorú is féidir ar acmhainní daonna agus eacnamaíocha le haghaidh arm.

# 7. Forfheidhmiú agus Imscrúduithe

Mar a leagadh amach i dtuarascálacha roimhe seo, déanann an Roinn faireachán ar onnmhairiú ítimí rialaithe i ndlúthchomhar le Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim. Mar chuid den chomhar sin, tarchuireann Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim sonraí chuig an Roinn faoi onnmhairí áirithe atá beartaithe chuig tíortha atá faoi réir smachtbhannaí trádála sula dtugtar cead dóibh leanúint ar aghaidh. Sa bhliain 2017, tharchuir Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim 396 onnmhaire bheartaithe chuig an Roinn le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh orthu.

# Iarscríbhinn I – Rialacháin na hÉireann i leith Smachtbhannaí AE

**An Afganastáin**

1. **I.R. Uimh. 120/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hAfganastáine), 2017**

Déantar foráil leis an Rialachán sin maidir le forfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 753/2011 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na hAfganastáine. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an Afganastáin.

**An Bhealarúis**

1. **I.R. Uimh. 124/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Bealarúise), 2017**

Déantar foráil leis an Rialachán seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Bealarúise. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.

- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar na nithe seo a leanas:
    - earraí a dhíol/a onnmhairiú a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach.
    - gníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata nó le hearraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach.

Foráiltear leis an Rialachán seo go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an mBealarúis.

**<u>Poblacht na hAfraice Láir</u>**

1. **I.R. Uimh. 91/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht na hAfraice Láir), 2017**

2. **I.R. Uimh. 254/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht na hAfraice Láir) (Uimh. 2), 2017**

3. **I.R. Uimh. 513/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht na hAfraice Láir) (Uimh. 3), 2017**

Déantar foráil leis na Rialacháin seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Phoblacht na hAfraice Láir. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata nó le hamhais faoi arm.

Foráiltear leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leo maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le Poblacht na hAfraice Láir.

<u>**Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré**</u>

1. **I.R. Uimh. 92/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré), 2017**

2. **I.R. Uimh. 256/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 2), 2017**

3. **I.R. Uimh. 518/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 3), 2017**

Déantar foráil leis na Rialacháin seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 2017/1509 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.  Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.
- Toirmisc ar na srianta ar onnmhairiú agus ar allmhairiú i dtaca le hearraí dé-úsáide agus le hearraí a d'fhéadfadh cur le clár núicléach nó clár arm Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.

- Toirmisc ar shó-earraí a onnmhairiú.
- Srianta ar onnmhairiú agus ar allmhairiú i dtaca le hór, le miotail lómhara agus le diamaint agus le bróicéireacht, cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais a chur ar fáil i dtaca leis na hítimí sin.
- Srianta ar onnmhairiú i dtaca le nótaí bainc agus boinn de chuid Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré;
- Srianta iompair.
- Smachtbhannaí airgeadais agus infheistíochtaí.
- Toirmisc earnála a bhaineann le hór agus le mianta agus mianraí áirithe a sholáthar.
- Toirmisc ar bhreosla eitlíochta a dhíol nó a sholáthar.

Foráiltear leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leo maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.

**Poblacht Dhaonlathach an Chongó**

1. **I.R. Uimh. 90/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Dhaonlathach an Chongó), 2017**

2. **I.R. Uimh. 262/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Dhaonlathach an Chongó) (Uimh. 2), 2017**

3. **I.R. Uimh. 514/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Dhaonlathach an Chongó) (Uimh. 3), 2017**

Déantar foráil leis na Rialacháin seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.

- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Foráiltear leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leo maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

**An Éigipt**

1. **I.R. Uimh. 168/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hÉigipte), 2017**

Déantar foráil leis an Rialachán seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 270/2011 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na hÉigipte. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

**An Iaráin**

1. **I.R. Uimh. 75/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráine), 2017**

2. **I.R. Uimh. 255/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráine) (Uimh. 2), 2017**

3. **I.R. Uimh. 515/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráine) (Uimh. 4), 2017**

Déantar foráil leis na Rialacháin seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na hIaráine. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar theicneolaíocht diúracán a chur ar fáil.

- Córais údaraithe a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
    - Earraí áirithe a chur ar fáil a bhaineann le gníomhaíochtaí cumhachta núicléiche ar leith.
    - Bogearraí um Pleanáil Acmhainní Fiontair a chur ar fáil atá ceaptha lena n-úsáid i ngníomhaíochtaí núicléacha agus gníomhaíochtaí míleata.
    - Miotail áirithe a sholáthar.

4. **I.R. Uimh. 261/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráine) (Uimh. 3), 2017**

Déantar foráil leis an Rialachán seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na hIaráine. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.

- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar na nithe seo a leanas:
    - earraí a dhíol/a onnmhairiú a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach agus trealamh eile atá liostaithe.
    - gníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach nó trealamh eile atá liostaithe.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an Iaráin.

**<u>An Iaráic</u>**

1. **I.R. Uimh. 61/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráice), 2017**

2. **I.R. Uimh. 122/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráice) (Uimh. 2), 2017**

3. **I.R. Uimh. 169/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráice) (Uimh. 3), 2017**

Déantar foráil leis na Rialacháin seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na hIaráice. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe agus srianta ar thrádáil in earraí cultúrtha.

Foráiltear leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an Iaráic.

**<u>An Libia</u>**

1. **I.R. Uimh. 180/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libia), 2017**

2. **I.R. Uimh. 385/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libia) (Uimh. 2), 2017**

3. **I.R. Uimh. 469/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libia) (Uimh. 3), 2017**

4. **I.R. Uimh. 562/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libia) (Uimh. 4), 2017**

Déantar foráil leis na Rialacháin seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 2016/44 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Libia. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar na nithe seo a leanas:
    - earraí a dhíol/a onnmhairiú agus a allmhairiú a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach.
    - gníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata, earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach nó chun amhais faoi arm a chur ar fáil.
    - gníomhaíochtaí a bhaineann le soithí áirithe chun onnmhairiú neamhdhleathach amhola ón Libia a chosc.

Foráiltear leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leo maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an Libia.

**<u>Mailí</u>**

1. **I.R. Uimh. 564/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Mhailí), 2017**

Déantar foráil leis an Rialachán seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 2017/1770 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i leith Mhailí. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

**<u>Poblacht Ghuine-Bissau</u>**

1. **I.R. Uimh. 257/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Ghuine-Bissau), 2017**

Déantar foráil leis an Rialachán seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Phoblacht Ghuine-Bissau. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.

- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

**Cónaidhm na Rúise**

1. **I.R. Uimh. 121/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hÚcráine), 2017**

2. **I.R. Uimh. 208/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hÚcráine) (Uimh. 2), 2017**

3. **I.R. Uimh. 386/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hÚcráine) (Uimh. 3), 2017**

4. **I.R. Uimh. 466/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hÚcráine) (Uimh. 4), 2017**

5. **I.R. Uimh. 566/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hÚcráine) (Uimh. 5), 2017**

Déantar foráil leis na Rialacháin seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 ón gComhairle, arna leasú, i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle, arna leasú, i Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 ón gComhairle, arna leasú, agus i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Chónaidhm na Rúise. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Srianta airgeadais éagsúla.
- Srianta maidir leis na nithe seo a leanas:
    - Ítimí míleata agus ítimí dé-úsáide a chur ar fáil do Chónaidhm na Rúise.

    - Gníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil maidir le hítimí míleata agus le hítimí dé-úsáide.
    - Earraí agus seirbhísí áirithe a chur ar fáil a bhaineann le bonneagar in earnálacha áirithe sa Chrimé, srianta ar infheistíocht sa Chrimé, agus srianta ar allmhairí ón gCrimé.
- Srianta ar ítimí áirithe agus ar theicneolaíocht áirithe a bhaineann leis an earnáil fuinnimh a chur ar fáil do Chónaidhm na Rúise.

Foráiltear leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leo maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le Cónaidhm na Rúise.

**<u>An tSomáil</u>**

1. **I.R. Uimh. 167/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Somáile), 2017**

Déantar foráil leis an Rialachán seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 147/2003 ón gComhairle, arna leasú, agus i Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Somáile. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar fhioghual a allmhairiú.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an tSomáil.

**An tSúdáin Theas**

1. **I.R. Uimh. 259/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Súdáine Theas), 2017**

Déantar foráil leis an Rialachán seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 748/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Súdáine Theas. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an tSúdáin Theas.

**An tSúdáin**

1. **I.R. Uimh. 260/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Súdáine), 2017**

Déantar foráil leis an Rialachán seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 747/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Súdáine. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an tSúdáin.

**<u>An tSiria</u>**

1. **I.R. Uimh. 93/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Siria), 2017**

2. **I.R. Uimh. 253/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Siria) (Uimh. 2), 2017**

3. **I.R. Uimh. 516/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Siria) (Uimh. 3), 2017**

Déantar foráil leis na Rialacháin seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Siria. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Raon leathan srianta airgeadais agus trádála, lena n-áirítear cistí agus acmhainní eacnamaíocha de chuid daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Srianta maidir leis na nithe seo a leanas:

- ítimí dé-úsáide a onnmhairiú a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach.
- srianta ar threalamh áirithe a onnmhairiú le haghaidh úsáid sna hearnálacha ola agus gáis agus só-ítimí áirithe.
- seirbhísí airgeadais áirithe a chur ar fáil agus infheistíocht i dtionscadail bhonneagair áirithe.
- trádáil in ítimí cultúrtha; agus srianta allmhairiúcháin ar amhola, ar tháirgí peitriliam, ar dhiamaint agus ar mhiotail lómhara.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an tSiria.

**<u>An Túinéis</u>**

1. **I.R. Uimh. 258/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Túinéise), 2017**

Déantar foráil leis an Rialachán seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Túinéise. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

**Éimin**

1. **I.R. Uimh. 210/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Éimin), 2017**

Déantar foráil leis an Rialachán seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Éimin. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le hÉimin.

**An tSiombáib**

1. **I.R. Uimh. 263/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Siombáibe), 2017**

Déantar foráil leis an Rialachán seo i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Siombáibe. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

- Toirmisc ar earraí a dhíol/a onnmhairiú a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach agus le haghaidh seirbhísí a chur ar fáil a bhaineann leis an trealamh sin.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an tSiombáib.

# Iarscríbhinn II – Staitisticí na bliana 2017 maidir le Ceadúnais Onnmhairiúcháin

## Tábla Forbhreathnaithe

| | 2017 | | 2016 | | 2015 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ***Cineál Ceadúnais*** | **Líon** | **Luach €000** | **Líon** | **Luach €000** | **Líon** | **Luach €000** |
| **Ceadúnas De-Úsáide Aonair**[22] | 447 | 357,136 | 409 | 394,631 | 546 | 377,811 |
| **Ceadúnais Dé-Úsáide Dhomhanda**[23] | 23 | 2,856,145 | 22 | 2,825,575 | 23 | 1,030,299 |
| **Ceadúnais Mhíleata**[24] | 118 | 24,949 | 128 | 62,779 | 81 | 42,626 |
| **IOMLÁN**[25] | 588 | 3,238,230 | 559 | 3,282,985 | 650 | 1,450,736 |

[22] Is ionann luachanna na n-onnmhairí a thugtar san Iarscríbhinn seo maidir le ceadúnais dé-úsáide aonair agus luachanna ceadúnaithe ceadaithe a d'fhéadfadh a bheith níos airde ná luach na n-onnmhairí iarbhír.

[23] Baineann luachanna na n-onnmhairí a thugtar san Iarscríbhinn seo le haghaidh ceadúnais dé-úsáide domhanda le honnmhairí iarbhír.   Trí na ceanglais maidir le ceadúnais dhomhanda a thuairisciú, atá i bhfeidhm ó 2013, is féidir luach na n-onnmhairí iarbhír a thuairisciú..

[24] Is ionann luachanna na n-onnmhairí a thugtar san Iarscríbhinn seo maidir le ceadúnais mhíleata agus luachanna ceadúnas ceadaithe a d'fhéadfadh a bheith níos airde ná luach na n-onnmhairí iarbhír.

[25] Mar atá léirithe i nóta 21, ní áirítear sonraí i dtaobh méideanna agus luach na gCeadúnas Aistrithe Domhanda Míleata sna figiúirí tuairiscithe.

## Tábla na gCeadúnas Dé-Úsáide Domhanda de réir Catagóire

| | 2017 | | 2016 | | 2015 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Catagóir[26]** | **Líon** | **Luach Ceadúnais €000** | **Líon** | **Luach Ceadúnais €000** | **Líon** | **Luach Ceadúnais €000** |
| **2** | 32 | 65 | 13 | 25,316 | 24 | 1,026 |
| **3** | 60 | 145,279 | 52 | 169,264 | 57 | 64,347 |
| **5** | 312 | 204,815 | 308 | 194,854 | 430 | 306,227 |
| **Uileghabhálach** | 0 | 0 | 0 | 0 | * | 4 |
| **1,4,6, 7 & 8** | 43 | 6,977 | 36 | 5,197 | 34 | 6,207 |
| **Iomlán** | **447** | **357,136** | **409** | **394,631** | **546** | **377,811** |

## Tábla na gCeadúnas Domhanda de réir Catagóire

| | 2017 | | 2016 | | 2015 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Catagóir[27]** | **Líon** | **Luach €000** | **Líon** | **Luach €000** | **Líon** | **Luach €000** |
| **1** | 2 | 0 | 2 | 0 | 2 | 0 |
| **2** | 2 | 0 | 2 | 5 | 2 | 24 |
| **3** | 5 | 275 | 5 | 107 | 5 | 196 |
| **4** | 2 | 0 | 2 | 0 | 2 | 0 |
| **5** | 23 | 2,855,870 | 22 | 2,825,463 | 22 | 1,030,079 |
| **6** | 2 | 0 | 2 | 0 | 2 | 0 |
| **Iomlán[28]** | **23** | **2,856,145** | **22** | **2,825,575** | **23** | **1,030,299** |

[26] Comhfhreagraíonn na catagóirí do na catagóirí sin a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide, arna leasú. Féach Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an tuarascáil seo i gcomhair liosta de na catagóirí rialaithe maidir le hítimí dé-úsáide sa Rialachán Dé-Úsáide.

[27] Comhfhreagraíonn na catagóirí do na catagóirí sin a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide, arna leasú. Féach Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an tuarascáil seo i gcomhair liosta de na catagóirí ítimí dé-úsáide.

Léirítear sa tábla thuas líon iomlán na gceadúnas domhanda a bhí i bhfeidhm sna blianta 2015, 2016 agus 2017. Cé go dtaispeántar líon iomlán na gceadúnas a bhí i bhfeidhm sna blianta a thuairiscítear i líon iomlán na gceadúnas a léirítear sa tábla, tugadh cead le líon beag de na ceadúnais dhomhanda sin do níos mó ná catagóir ítimí amháin a onnmhairiú. Tugtar miondealú sa tábla ar na catagóirí go léir a bhí ceadaithe le haghaidh onnmhairiú faoi na ceadúnais dhomhanda agus ar an líon onnmhairí iarbhír a tuairiscíodh faoi gach catagóir ceadúnais.

Léirítear sa tábla thuas luach iarbhír na n-onnmhairí a rinneadh faoi cheadúnais dhomhanda sna blianta 2015, 2016 agus 2017. Ní féidir na figiúirí sin a chur i gcomparáid le luachanna a cuireadh ar fáil i dtuarascálacha roimhe seo, luachanna a léirigh, roimh an mbliain 2014, na luachanna measta a cuireadh ar fáil ar iarratais ar cheadúnais dhomhanda[29] in ionad luach iarbhír na n-onnmhairí a léiriú. Tugtar faisnéis níos ábhartha i luach iarbhír na n-onnmhairí, rud a mheastar a bheith níos úsáidí chun críche comparáid a dhéanamh.

---

[28] Ní hionann an figiúr iomlán le haghaidh ceadúnais dhomhanda agus suim na bhfigiúirí i leith gach catagóire. Is amhlaidh sin mar go bhféadfadh go gclúdófaí níos mó ná catagóir amháin le ceadúnas domhanda agus go dtaifeadfar an ceadúnas sin i ngach catagóir lena mbaineann. Mar shampla, is le líon na gceadúnas domhanda i gcatagóir 3 agus i gcatagóir 4 a áireofar ceadúnas domhanda lena gclúdaítear táirgí i gcatagóir 3 agus i gcatagóir 4.

[29] Rinne onnmhaireoirí meastachán ar na luachanna ar na ceadúnais dhomhanda tráth an iarratais. Thagadh difríochtaí chun cinn i gcónaí, mar shampla, mar gheall ar aistriú sealadach innealra laistigh de ghrúpaí. Ina theannta sin, bíonn cuideachtaí faoi réir athruithe rialta ar liostaí na dtáirgí rialaithe. Thairis sin, is féidir leis a bheith ina thoradh ar athbhreithnithe ar liostaí na dtáirgí rialaithe nach mbeidh táirgí faoi réir rialú a thuilleadh agus, i gcás cuideachtaí a raibh ceadúnais onnmhairiúcháin ag teastáil uathu roimhe sin, gur lú an méid táirgí a bheadh acu atá faoi réir rialú, agus d'fhéadfadh sé nár ghá dóibh páirt a ghlacadh sa chóras ceadúnúcháin a thuilleadh.

## Onnmhairí Dé-Úsáide de réir Catagóire, Ceann Scríbe, Líon Ceadúnas agus Luach Ceadúnaithe 2017 (arna ndéanamh faoi cheadúnais aonair)

| Catagóir | Ceann scríbe | An Líon a Eisíodh | Luach < 100,000 | Luach 100,000 – 500,000 | Luach < 500,000 |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | | |
| | An tSín | 6 | 4 | 2 | |
| | Hong Cong | 2 | 1 | 1 | |
| | An Indinéis | 1 | | | 1 |
| | An Mhongóil | 1 | 1 | | |
| | An tSomáil | 2 | 1 | | 1 |
| | Poblacht na Cóiré/An Chóiré Theas | 1 | | | 1 |
| | An Téaváin | 1 | 1 | | |
| | An Téalainn | 1 | 1 | | |
| | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 1 | 1 | | |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 1 | | 1 | |
| 2 | | | | | |
| | Bairéin | 1 | 1 | | |
| | An Bhealarúis | 1 | 1 | | |
| | An tSín | 6 | 6 | | |
| | An India | 4 | 4 | | |
| | Iosrael | 2 | 2 | | |
| | An Iordáin | 2 | 2 | | |
| | An Mhalaeisia | 2 | 2 | | |
| | An Mhongóil | 1 | 1 | | |
| | Catar | 3 | 3 | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | An Rúis | 1 | 1 | | |
| | An Téaváin | 2 | 2 | | |
| | An Tuirc | 3 | 3 | | |
| | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 3 | 3 | | |
| | Vítneam | 1 | 1 | | |
| 3 | | | | | |
| | An tSín | 26 | 15 | 6 | 5 |
| | An India | 1 | 1 | | |
| | Iosrael | 3 | 2 | 1 | |
| | Macao | 2 | | 2 | |
| | An Mhalaeisia | 4 | 2 | | 2 |
| | Na hOileáin Fhilipíneacha | 3 | | | 3 |
| | An Rúis | 5 | 3 | 2 | |
| | Singeapór | 4 | 1 | 2 | 1 |
| | Poblacht na Cóiré/An Chóiré Theas | 7 | 4 | | 3 |
| | An Téaváin | 3 | | | 3 |
| | An Téalainn | 1 | 1 | | |
| | Vítneam | 1 | 1 | | |
| 4 | | | | | |
| | Na hOileáin Fhilipíneacha | 1 | 1 | | |
| 5 | | | | | |
| | An Afganastáin | 1 | | | 1 |
| | An Albáin | 2 | | | 2 |
| | An Ailgéir | 2 | | | 2 |
| | An Airgintín | 3 | | | 3 |
| | An Asarbaiseáin | 1 | | 1 | |
| | Bairéin | 3 | 2 | | 1 |
| | An Bhanglaidéis | 2 | | | 2 |
| | An Bhealarúis | 2 | 2 | | |
| | An Bhoisnia agus an | 3 | 2 | | 1 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Heirseagaivéin | | | | |
| | An Bhrasaíl | 9 | 1 | | 8 |
| | Brúiné Darasalám | 2 | 1 | | 1 |
| | Buircíne Fasó | 1 | 1 | | |
| | Oileáin Cayman | 1 | 1 | | |
| | Sead | 1 | 1 | | |
| | An tSín | 45 | 7 | 1 | 37 |
| | Poblacht Dhaonlathach an Chongó | 1 | 1 | | |
| | An Éigipt | 18 | 11 | 1 | 6 |
| | An tSalvadóir | 1 | | | 1 |
| | An Ghabúin | 1 | 1 | | |
| | An tSeoirsia | 1 | | | 1 |
| | Hong Cong | 7 | 5 | 2 | |
| | An India | 16 | 8 | | 8 |
| | An Indinéis | 2 | 1 | 1 | |
| | Iosrael | 13 | 11 | | 2 |
| | An Iordáin | 4 | 3 | 1 | |
| | An Chéinia | 1 | | | 1 |
| | Cuáit | 3 | 2 | | 1 |
| | An Liobáin | 7 | 4 | | 3 |
| | Macadóine | 1 | | | 1 |
| | Madagascar | 1 | 1 | | |
| | An Mhaláiv | 1 | 1 | | |
| | An Mhalaeisia | 2 | 1 | | 1 |
| | Meicsiceo | 2 | | 1 | 1 |
| | Maracó | 2 | 2 | | |
| | Nicearagua | 1 | | | 1 |
| | An Nigéir | 1 | 1 | | |
| | Óman | 5 | 4 | | 1 |
| | Na Críocha Palaistíneacha | 1 | | | 1 |
| | Peiriú | 1 | | | 1 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Na hOileáin Fhilipíneacha | 1 | | 1 | |
| | Catar | 18 | 4 | 5 | 9 |
| | An Rúis | 4 | 4 | | |
| | Ruanda | 1 | 1 | | |
| | An Araib Shádach | 21 | 11 | 2 | 8 |
| | An tSeirbia | 2 | 2 | | |
| | Singeapór | 3 | 1 | 1 | 1 |
| | An Afraic Theas | 7 | 5 | | 2 |
| | Poblacht na Cóiré/An Chóiré Theas | 4 | | 2 | 2 |
| | Srí Lanca | 1 | 1 | | |
| | An Téaváin | 5 | 1 | | 4 |
| | An Téalainn | 2 | 1 | 1 | |
| | An Túinéis | 1 | | | 1 |
| | An Tuirc | 28 | 13 | 6 | 9 |
| | An Úcráin | 6 | 5 | | 1 |
| | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 32 | 12 | 8 | 12 |
| | Uragua | 1 | | | 1 |
| | Vítneam | 2 | | 1 | 1 |
| | Éimin | 2 | 1 | 1 | |
| 6 | | | | | |
| | An India | 1 | 1 | | |
| | An Iaráic | 1 | | 1 | |
| | An Liobáin | 1 | | 1 | |
| | An Mhalaeisia | 1 | | 1 | |
| | Nua-Ghuine Phapua | 1 | | 1 | |
| | Na hOileáin Fhilipíneacha | 2 | 1 | 1 | |
| | An Rúis | 2 | 2 | | |
| | An Tuircméanastáin | 1 | | 1 | |
| 7 | | | | | |
| | An Bhrasaíl | 1 | 1 | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | An tSín | 1 | 1 | | |
| | An India | 1 | 1 | | |
| | Iosrael | 1 | | 1 | |
| | An Rúis | 1 | 1 | | |
| | Poblacht na Cóiré/An Chóiré Theas | 5 | 5 | | |
| | An Tuirc | 3 | 3 | | |
| 8 | | | | | |
| | An tSín | 2 | 2 | | |
| | | | | | |
| | Iomlán | 447 | 228 | 60 | 159 |

## Onnmhairí Míleata de réir Catagóire[30], Ceann Scríbe, Líon Ceadúnas agus Luach Ceadúnaithe[31] 2017

| Cód | Ceann Scríbe | Líon na gCeadúnas a Eisíodh in 2017 | 2017 Luach na gCeadúnas € |
|---|---|---|---|
| ML1 | An Astráil | 3 | 10,088 |
| | Ceanada | 3 | 13,471 |
| | Mailí | 2 | 13,793 |
| | An Nua-Shéalainn | 5 | 59,560 |
| | An Eilvéis | 1 | 3,000 |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 10 | 30,731 |
| | | | |

[30] Tá Catagóirí an Liosta Mhíleata ar fáil in Iarscríbhinn III.

[31] Léiríonn na staitisticí sa tábla seo an luach a liostaítear ar an gceadúnas onnmhairiúcháin, agus ní léiríonn siad luach iarbhír na n-earraí/na teicneolaíochta a onnmhairíodh faoin gceadúnas.

| | | | |
|---|---|---|---|
| ML3 | Ceanada | 1 | 9,408 |
| | An Fhionlainn | 1 | 584,808 |
| | An Ghearmáin | 1 | 90,720 |
| | | | |
| ML4 | An Ríocht Aontaithe | 5 | 322,500 |
| | | | |
| ML5 | An Astráil | 3 | 400,103 |
| | Ceanada | 4 | 195,121 |
| | An Ghearmáin | 3 | 569,820 |
| | An Nua-Shéalainn | 1 | 183,260 |
| | An Iorua | 1 | 288,200 |
| | Poblacht na Cóiré/An Chóiré Theas | 4 | 624,000 |
| | An tSualainn | 2 | 711,782 |
| | An Tuirc | 2 | 898,553 |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 18 | 9,108,241 |
| | | | |
| ML6 | An Afraic Theas | 1 | 67,566 |
| | An Eilvéis | 1 | 48,000 |
| | | | |
| ML9 | An India | 1 | 18,680 |
| | | | |
| ML10 | An Ríocht Aontaithe | 6 | 522,625 |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 3 | 8,847,202 |
| | | | |
| ML11 | An Astráil | 1 | 92,225 |
| | An Fhrainc | 1 | 36,189 |
| | An Iodáil | 1 | 308,291 |
| | An Ríocht Aontaithe | 7 | 0 |
| | | | |
| ML15 | An Ríocht Aontaithe | 16 | 10,785 |
| | | | |
| ML21 | An Astráil | 1 | 100,000 |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 3 | 300,000 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| ML22 | An Astráil | 1 | 50,000 |
| | Ceanada | 1 | 30,000 |
| | An Tuirc | 1 | 100,000 |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 3 | 300,000 |
| | | | |
| | Iomlán | 118 | 24,948,722 |

## Ceadúnais Chomhiomlánaithe Mhíleata de réir Ceann Scríbe 2017

| **Ceann Scríbe** | **Líon na gCeadúnas** | **Luach an Cheadúnais[32]** **€** |
|---|---|---|
| | | |
| An Astráil | 9 | 652,416 |
| Ceanada | 9 | 248,000 |
| An Fhionlainn | 1 | 584,808 |
| An Fhrainc | 1 | 36,189 |
| An Ghearmáin | 4 | 660,540 |
| An India | 1 | 18,680 |
| An Iodáil | 1 | 308,291 |
| Mailí | 2 | 13,793 |
| An Nua-Shéalainn | 6 | 242,820 |
| An Iorua | 1 | 288,200 |
| An Afraic Theas | 1 | 67,566 |
| Poblacht na Cóiré/An Chóiré Theas | 4 | 624,000 |
| An tSualainn | 2 | 711,782 |
| An Eilvéis | 2 | 51,000 |

[32] Léiríonn na staitisticí sa tábla seo an luach a liostaítear ar an gceadúnas onnmhairiúcháin, ach ní léiríonn siad luach na n-earraí/na teicneolaíochta a onnmhairíodh iarbhír faoin gceadúnas.

| | | |
|---|---|---|
| An Tuirc | 3 | 998,553 |
| An Ríocht Aontaithe | 34 | 855,910 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 37 | 18,586,174 |
| **Iomlán** | 118 | 24,948,722 |

## Úsáid Deiridh

Chun a bheith lán-trédhearcach faoi cheann scríbe na dtáirgí rialaithe atá á n-onnmhairiú ó Éirinn, tugtar sonraí sa tábla seo a leanas faoi tháirgí rialaithe a ath-onnmhairíodh ina dhiaidh sin ó cheann scríbe tosaigh na n-onnmhairí ceadúnaithe.

| **Catagóir[33]** | **Ceann scríbe na húsáide deiridh** | **Líon na dteagmhas** | **Luach ceadúnaithe iomlán €[34]** |
|---|---|---|---|
| ML5 | An Fhionlainn | 1 | 165,189 |
| ML5 | An Nua-Shéalainn | 2 | 34,089 |
| ML5 | Óman | 1 | 829,101 |
| ML5 | An Araib Shádach | 2 | 161,132 |

[33] Tá Catagóirí an Liosta Mhíleata ar fáil in Iarscríbhinn III.

[34] Léiríonn na staitisticí sa tábla seo an luach a liostaítear ar an gceadúnas onnmhairiúcháin, ach ní léiríonn siad luach na n-earraí/na teicneolaíochta a onnmhairíodh iarbhír faoin gceadúnas, luach a d'fhéadfadh a bheith níos ísle ná aghaidhluach an cheadúnais.

# Iarscríbhinn III – Achoimre ar Chóid an Liosta Mhíleata

**ML1** Airm bhairille réidh ag a bhfuil calabra níos lú ná 20 mm, airm agus airm uathoibríocha eile ag a bhfuil calabra 12.7 mm (calabra 0.50 orlach) nó níos lú ná sin agus oiriúintí, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith.

**ML2** Airm bhairille réidh ag a bhfuil calabra 20 mm nó níos mó ná sin, airm agus armáil eile ag a bhfuil calabra níos mó ná 12.7 mm (calabra 0.50 orlach), teilgeoirí agus oiriúintí, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith.

**ML3** Armlón agus feistí maidir le socrú aidhnín, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith.

**ML4** Buamaí, toirpéid, diúracáin, feistí pléascacha eile agus lánáin agus trealamh gaolmhar agus oiriúintí gaolmhara, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith.

**ML5** Rialú dóiteáin, agus trealamh gaolmhar foláirimh agus rabhaidh, agus córais ghaolmhara, trealamh tástála agus ailíniúcháin agus frithbhirt, a dearadh go speisialta le haghaidh úsáid mhíleata, agus comhpháirteanna agus oiriúintí a dearadh go speisialta ina leith.

**ML6** Feithiclí talún agus comhpháirteanna.

**ML7** Oibreáin thocsaineacha cheimiceacha nó bhitheolaíocha, "oibreáin chun círéibeacha a smachtú", ábhair radaighníomhacha, trealamh gaolmhar, comhpháirteanna gaolmhara agus ábhair ghaolmhara.

**ML8** "Ábhair fhuinniúla" agus substaintí gaolmhara.

**ML9** Soithí cogaidh (dromchla nó faoi uisce), trealamh speisialta cabhlaigh, oiriúintí, comhpháirteanna agus soithí eile dromchla.

**ML10** "Aerárthaí", "feithiclí níos éadroime ná aer", aerfheithiclí gan foireann, aerinnill agus trealamh "aerárthaigh", trealamh gaolmhar agus comhpháirteanna gaolmhara, a dearadh go speisialta nó a athraíodh le haghaidh úsáid mhíleata.

**ML11** Trealamh leictreonach, nár sonraíodh in aon áit eile ar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith.

**ML12** Córais ardluais arm fuinnimh chinéitigh agus trealamh gaolmhar, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith.

**ML13** Trealamh, déantúis agus comhpháirteanna armúrtha nó cosanta.

**ML14** 'Trealamh sainfheidhmeach le haghaidh oiliúint mhíleata' nó le haghaidh cásanna míleata a ionsamhlú, ionsamhlóirí a dearadh go speisialta i leith oiliúna in úsáid aon airm thine nó airm a sonraíodh le ML1 nó ML2, agus comhpháirteanna agus oiriúintí a dearadh go speisialta ina leith.

**ML15** Trealamh íomháithe agus frithbhirt, a dearadh go speisialta le haghaidh úsáid mhíleata, agus comhpháirteanna agus oiriúintí a dearadh go speisialta ina leith.

**ML16** Gaibhnithe, múnluithe agus táirgí neamhchríochnaithe eile a dearadh go speisialta i leith ítimí a sonraíodh le ML1 go ML4, le ML6, le ML9, le ML10, le ML12 nó le ML19.

**ML17** Trealamh, ábhair agus 'leabharlanna' ilghnéitheacha, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith.

**ML18** Trealamh agus comhpháirteanna táirgeachta.

**ML19** Córais arm fuinnimh dhírithe, trealamh gaolmhar frithbhirt agus múnlaí gaolmhara tástála, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith.

**ML20** Trealamh crióigineach agus "forsheoltach", agus comhpháirteanna agus oiriúintí a dearadh go speisialta ina leith.

**ML21** "Bogearraí."

**ML22** "Teicneolaíocht."

# Iarscríbhinn IV – Achoimre ar Chatagóirí Dé-Úsáide

Comhfhreagraíonn na catagóirí Dé-Úsáide dá dtagraítear sa tuarascáil seo do na catagóirí sin a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide, arna leasú:

| | |
|---|---|
| **Catagóir 0:** | Ábhair núicléacha, saoráidí núicléacha agus trealamh núicléach |
| **Catagóir 1:** | Ábhair speisialta agus trealamh gaolmhar |
| **Catagóir 2:** | Próiseáil ar Ábhair |
| **Catagóir 3:** | Leictreonaic |
| **Catagóir 4:** | Ríomhairí |
| **Catagóir 5:** | Teileachumarsáid agus an tslándáil faisnéise |
| **Catagóir 6:** | Braiteoirí agus léasair |
| **Catagóir 7:** | Loingseoireacht agus eitleonaic |
| **Catagóir 8:** | Ábhair Mhuirí |
| **Catagóir 9:** | Aerspás agus Tiomáint |

# Iarscríbhinn V – Córais Iltaobhacha Neamhiomadaithe

## Réamhrá

Tá Éire ina ball de na córais iltaobhacha seo a leanas maidir le rialú onnmhairí, córais atá mar bhonn faoi rialuithe onnmhairí na hEorpa agus na hÉireann:

- Grúpa na hAstráile.
- An Grúpa um Rialú Teicneolaíochta Diúracán.
- Grúpa na Soláthraithe Núicléacha.
- Comhshocraíocht Wassenaar.
- Coiste Zangger.
- An Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha.

Déanann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag gach ceann de na córais rialúcháin onnmhairí sin, mar shampla, maidir le freastal ar chruinnithe agus maidir le faisnéis a chomhroinnt le húdaráis náisiúnta ábhartha i mballtíortha eile na gcóras. Bíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le hobair na gcóras.

Feidhmíonn na córais mar shocruithe polaitiúla ina bhfuil gach balltír freagrach as rialuithe onnmhairí a chur chun feidhme trína reachtaíocht náisiúnta féin agus trína húdaráis náisiúnta riaracháin féin. Mar atá leagtha amach thíos, díríonn gach ceann de na córais ar chineálacha difriúla earraí dé-úsáide.

## Grúpa na hAstráile

Cuireadh Grúpa na hAstráile[35] ar bun sa bhliain 1985. Is é an príomhchuspóir atá leis iomadú arm ceimiceach agus bitheolaíoch a chosc agus airm cheimiceacha agus bhitheolaíocha a rialú.

Féachann Grúpa na hAstráile le rialuithe onnmhairí na dtíortha rannpháirteacha a chomhchuibhiú trí leas a bhaint as bearta ceadúnúcháin chun forbairt arm ceimiceach nó arm bitheolaíoch a chosc.

Cloíonn na rannpháirtithe i nGrúpa na hAstráile go docht le Prótacal na Ginéive (1925), leis an gCoinbhinsiún um Airm Bhitheolaíocha agus Thocsaineacha agus leis an gCoinbhinsiún um Airm Cheimiceacha.

Rud eile atá faoi shainchúram Ghrúpa na hAstráile is ea rialú a dhéanamh ar mhiocrorgánaigh agus tocsainí agus ar threalamh áirithe déantúsaíochta le haghaidh airm bhitheolaíocha.

---

35 Féach <http://www.australiagroup.net/en>.

Cuirtear cruinnithe Ghrúpa na hAstráile ar siúl uair amháin sa bhliain, i seisiún iomlánach, i bPáras agus déanann an Astráil cathaoirleacht orthu. Féadfar cruinnithe idirsheisiúin a chur ar siúl freisin, má mheastar go bhfuil siad riachtanach.

Bhí 42 ball i nGrúpa na hAstráile amhail an 31 Nollaig 2017:[36]

an Airgintín, an Astráil, an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, Ceanada, an Chróit, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an tAontas Eorpach, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Íoslainn, Éire, an Iodáil, an tSeapáin, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, Meicsiceo, an Ísiltír, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, Poblacht na Cipire, Poblacht na Cóiré, Poblacht na Tuirce, an Rómáin, Poblacht na Slóvaice, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis, an Úcráin, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

## An Córas um Rialú Teicneolaíochta Diúracán

Cuireadh an Córas um Rialú Teicneolaíochta Diúracán[37] ar bun sa bhliain 1982. Is é an príomhchuspóir atá leis iomadú na gcóras seachadta gan foireann i gcomhair Airm Ollscriosta a chosc.

Déanann an Córas rialú ar na nithe seo a leanas: córais diúracán lena bhféadtar soic phléascáin cheimiceacha agus bhitheolaíocha a iompar; lánchórais roicéad áirithe, lena n-áirítear feithiclí lainseála agus roicéid sondála; agus feithiclí ar eitilt gan foireann amhail ladrainn, aerfheithiclí gan foireann agus diúracáin chianrialaithe.

Trína reachtaíocht náisiúnta féin, cuireann na balltíortha treoirlínte an Chórais i bhfeidhm maidir le liosta comhchoiteann ítimí rialaithe an Chórais. Comhroinneann na balltíortha faisnéis lena chéile faoi shaincheisteanna ábhartha náisiúnta a bhaineann le ceadúnú onnmhairiúcháin.

Tionólann an Córas Cruinnithe Iomlánacha bliantúla, a ndéantar cathaoirleacht orthu ar bhonn uainíochta. Reáchtáiltear Cruinnithe Saineolaithe Teicniúla, Seisiúin Malartaithe Faisnéise agus Cruinnithe Saineolaithe Forfheidhmithe ar bhonn ad hoc.

Tionóladh cruinniú iomlánach na bliana 2017 i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2017. Ba ag an gCruinniú Iomlánach a cuireadh tús le babhta dualgais na hÉireann agus na hÍoslainne mar chomhchathaoirligh ar an gCóras um Rialú Teicneolaíochta Diúracán, go dtí an chéad Chruinniú Iomlánach eile in 2018.

Tá 35 bhall sa Chóras um Rialú Teicneolaíochta Diúracán:

an Airgintín, an Astráil, an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Bhrasaíl, Ceanada, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Íoslainn, an India, Éire, an Iodáil, an tSeapáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, Poblacht na Cóiré, Cónaidhm na Rúise, an Afraic Theas, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis, an Tuirc, an Úcráin, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

---

[36] Tháinig an India isteach i nGrúpa na hAstráile an 19 Eanáir 2018,

[37] Féach <http://mtcr.info>.

## Grúpa na Soláthraithe Núicléacha

Cuireadh Grúpa na Soláthraithe Núicléacha[38] ar bun sa bhliain 1975. Is é an príomhchuspóir atá leis cosc a chur ar ítimí núicléacha a onnmhairítear chun críocha tráchtála nó sibhialtacha a bheith á n-úsáid chun airm núicléacha a tháirgeadh.

Foilsíonn an Grúpa Treoirlínte dá bhalltíortha atá ag teacht leis na hionstraimí idirnáisiúnta éagsúla le haghaidh neamhiomadú arm núicléach. Foilsíonn an Grúpa liosta rialaithe de tháirgí núicléacha agus táirgí de chineál núicléach freisin. Nuashonraítear an liosta rialaithe sin gach bliain.

Ní mór do thíortha atá ag gabháil do tháirgí núicléacha agus táirgí de chineál núicléach a allmhairiú dearbhú a thabhairt do Rannpháirtithe an Ghrúpa nach mbeidh aon bhaint ag gníomhaíochtaí trádála den sórt sin le hairm núicléacha a fhorbairt.

Bítear ag súil go staonfaidh na balltíortha ó thrádáil núicléach le rialtais nach bhfuil faoi réir bearta agus cigireachtaí rialála idirnáisiúnta. Ina theannta sin, féadfaidh na balltíortha toirmeasc a chur ar onnmhairiú aon ítime a meastar go bhfuil sí le cur chuig clár arm núicléach, fiú amháin i gcás nach bhfuil an ítim atá le honnmhairiú ar áireamh ar liosta rialaithe an Ghrúpa.

Tionólann an Grúpa Cruinnithe Iomlánacha bliantúla, a ndéantar cathaoirleacht orthu ar bhonn uainíochta. Tugann dhá bhuanchomhlacht eile tuairisc don Chruinniú Iomlánach, is iad sin:

- An Grúpa Comhairleach, a théann i gcomhairle le baill ar shaincheisteanna a bhaineann le Treoirlínte ón nGrúpa.
- An Cruinniú Malartaithe Faisnéise, a reáchtáiltear díreach roimh Chruinniú Iomlánach an Ghrúpa agus ina dtugtar deis do bhaill faisnéis agus forbairtí a bhaineann le Treoirlínte ón nGrúpa a chomhroinnt lena chéile.

Tá 48 mball i nGrúpa na Soláthraithe Núicléacha:

an Airgintín, an Astráil, an Ostair, an Bhealarúis, an Bheilg, an Bhrasaíl, an Bhulgáir, Ceanada, an tSín, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Íoslainn, Éire, an Iodáil, an tSeapáin, an Chasacstáin, Poblacht na Cóiré, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, Meicsiceo, an Ísiltír, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, Cónaidhm na Rúise, an tSeirbia, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Afraic Theas, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis, an Tuirc, an Úcráin, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Is mar bhreathnóir a ghlacann an Coimisiún Eorpach páirt in obair an Ghrúpa.

## Comhshocraíocht Wassenaar

Cuireadh Comhshocraíocht Wassenaar[39] ar bun sa bhliain 1996. Is é an príomhchuspóir atá léi cobhsaíocht agus slándáil réigiúnach agus idirnáisiúnta a fheabhsú trí thrédhearcacht

---

[38] Féach <http://www.nuclearsuppliersgroup.org/en>.

agus trí fhreagracht mhéadaithe a chur chun cinn sa chaoi a n-onnmhairítear gnáthairm agus earraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide. Le Comhshocraíocht Wassenaar, comhlánaítear agus neartaítear bearta le haghaidh neamhiomadú arm ollscriosta, amhail conarthaí idirnáisiúnta.

Tá liosta rialaithe dhá chuid i gceist le Comhshocraíocht Wassenaar:

- An Liosta Earraí agus Teicneolaíochtaí Dé-Úsáide, ina bhfuil naoi gcatagóir earraí dé-úsáide agus dhá iarscríbhinn, ina sonraítear ítimí íogaire agus ítimí an-íogair faoi seach.
- An Liosta Muinisean lena gcumhdaítear gnáth-threalamh míleata.

Tugtar le Comhshocraíocht Wassenaar treoirlínte do na balltíortha ar an dea-chleachtas maidir le hítimí liostaithe a rialú. Cuireann na balltíortha rialuithe onnmhairí náisiúnta i bhfeidhm maidir leis na hítimí liostaithe. Chomh maith leis sin, comhroinneann na Ballstáit faisnéis faoi onnmhairiú agus faoi dhiúltú ítimí rialaithe sonraithe chuig cinn scríbe sheachtracha. Comhroinneann siad faisnéis faoi tháirgí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide íogaire freisin.

Is é Cruinniú Iomlánach Wassenaar an comhlacht rialaithe ar an gComhshocraíocht. Tagann sé le chéile i Vín na hOstaire gach bliain. Is ann d'fhochomhlachtaí atá freagrach as moltaí a ullmhú do chinntí ón gCruinniú Iomlánach, is iad sin:

- An Grúpa Oibre Ginearálta, a phléann le hábhair a bhaineann le beartais.
- An Grúpa Saineolaithe, a thugann aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann leis na liostaí ítimí rialaithe.

Tá 42 bhall i gComhshocraíocht Wassenaar.

an Airgintín, an Astráil, an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, Ceanada, an Chróit, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an India, Éire, an Iodáil, an tSeapáin, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, Meicsiceo, an Ísiltír, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, Poblacht na Cóiré, an Rómáin, Cónaidhm na Rúise, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Afraic Theas, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis, an Tuirc, an Úcráin, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

## Coiste Zangger

Cuireadh Coiste Zangger[40] ar bun sa bhliain 1974 tar éis shíniú an Chonartha in aghaidh Iomadú Núicléach. Tugann Coiste Zangger treoir do na páirtithe uile sa Chonradh chun a chinntiú go n-úsáidtear ábhar agus trealamh núicléach ar bhealach síochánta.

Tagann Coiste Zangger le chéile uair sa bhliain de ghnáth i Vín na hOstaire. Tá 39 mball ar Choiste Zangger:

---

[39] Féach <http://www.wassenaar.org>.

[40] Féach <http://zanggercommittee.org>.

an Airgintín, an Astráil, an Ostair, an Bhealarúis, an Bheilg, an Bhulgáir, Ceanada, an tSín, an Chróit, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an tSeapáin, an Chasacstáin, Poblacht na Cóiré, Lucsamburg, an Ísiltír, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, Cónaidhm na Rúise, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Afraic Theas, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis, an Tuirc, an Úcráin, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.  Tá an tAontas Eorpach ina bhreathnóir buan ar obair an Choiste.

## An Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha

Is é misean na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha[41] ná forálacha an Choinbhinsiún um Airm Cheimiceacha a chur chun feidhme chun fáil réidh le hairm cheimiceacha ón domhan agus chun comhar a chothú sa cheimic chun críocha síochánta.

Molann an Rúnaíocht beartais maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin um Airm Cheimiceacha do Bhallstáit na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha agus déanann sí forbairt agus seachadadh ar chláir léi agus fána coinne. Ceithre aidhm leathana atá leis na cláir sin:

1. A áirithiú go bhfuil córas inchreidte, trédhearcach ann maidir le scriosadh arm ceimiceach a fhíorú agus chun a n-athfhorbairt a chosc, agus leasanna slándála náisiúnta agus leasanna dílsithe a chosaint an tráth céanna;
2. Cosaint agus cúnamh a thabhairt i gcoinne airm cheimiceacha;
3. Comhar idirnáisiúnta a spreagadh maidir le húsáidí síochánta na ceimice; agus
4. Ballraíocht uilíoch na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha a spreagadh trí chomhar idirnáisiúnta agus forbairt acmhainne náisiúnta a éascú.

Cuimsítear le Ballstáit na hEagraíochta sin thart ar 98% de dhaonra an domhain agus de thalamh an domhain, chomh maith le 98% den tionscal ceimiceach ar fud an domhain.

[41] Féach <https://www.opcw.org>.

# Iarscríbhinn VI – Bearta Sriantacha AE

Is uirlis de chuid Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh iad bearta sriantacha nó smachtbhannaí. Is é an tAontas Eorpach a chuireann chun feidhme na smachtbhannaí uile a fhorchuireann na Náisiúin Aontaithe. Ina theannta sin, féadfaidh an tAontas Eorpach smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe a threisiú trí bhearta níos déine agus bearta breise a chur i bhfeidhm. I gcás ina measann an tAontas Eorpach gur gá é, féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh smachtbhannaí uathrialacha a fhorchur.

*Príomhchuspóirí smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh*

- Luachanna, leasanna bunúsacha agus slándáil an Aontais a chosaint;
- An tsíocháin a chaomhnú;
- An daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta a chomhdhlúthú agus tacú leo;
- Coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú.

Níl sé i gceist le smachtbhannaí an Aontais gur pionós iad: is é is cuspóir leo athrú a dhéanamh ar bheartas nó iompraíocht de chuid na tíre, na n-eintiteas nó na ndaoine aonair ar a bhfuil siad dírithe, d'fhonn cuspóirí Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála AE a chur chun cinn. Is féidir le smachtbhannaí a bheith i bhfoirm lánchoisc ar airm, toirmisc ar thaisteal agus bearta eacnamaíocha cosúil le sócmhainní a chalcadh agus rialuithe ar onnmhairí. Déantar athbhreithniú ar na smachtbhannaí go tráthrialta agus breithníonn Comhairle an Aontais Eorpaigh ar cheart smachtbhannaí a athnuachan, a leasú nó a chur ar ceal.

Pléitear Smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh ag Meitheal Oibre na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach (RELEX)[42]. Achtaítear na smachtbhannaí trí Rialacháin de chuid an Aontais Eorpaigh, a mbíonn éifeacht dhíreach acu i ndlí na hÉireann. Mar sin féin, ní mór foráil a dhéanamh maidir le pionóis i leith sárú ar na Rialacháin sin trí ionstraimí reachtúla a achtú faoi Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 (arna leasú).

Tá an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar cheann de na trí údarás inniúla náisiúnta de chuid na hÉireann maidir le Bearta Sriantacha AE. Is iad an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus

---

[42] Féach <http://www.consilium.europa.eu/ga/council-eu/preparatory-bodies/working-party-foreign-relations-counsellors/>.

Trádála[43] agus an Banc Ceannais[44] an dá údarás eile. Ní ghlacann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta páirt i leagan síos smachtbhannaí AE agus is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a thugann fógra di faoi smachtbhannaí nua.

- Is í an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta atá freagrach as cur i bhfeidhm Ionstraimí Reachtúla (I.R.) d'fhonn lán-éifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí a bhaineann le tíortha sonracha (tá an fhreagracht as cur chun feidhme ionstraimí reachtúla a bhaineann le tír ar leith comhroinnte idir an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Airgeadais).
- Tá an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta freagrach as smachtbhannaí trádála (neamhairgeadais) a fhorfheidhmiú agus bíonn sí ag obair i ndlúthpháirt leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an lucht Custaim chun na críche sin.
- Tá smachtbhanna ar leith á chur chun feidhme ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta faoina gceanglaítear nach mór údarú roimh ré a dhéanamh ar onnmhairiú teicneolaíochtaí áirithe go dtí an Rúis.

[43] Féach <https://www.dfa.ie/home/index.aspx?id=28519>.
[44] Féach <https://www.centralbank.ie/regulation/how-we-regulate/international-financial-sanctions>.

Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le communications@dbei.gov.ie



An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Business, Enterprise and Innovation